

Oifig an Choimisinéara Teanga

Polasaí le Déileáil le Gearáin

Cén chaoi a bpléann an Oifig le gearáin?

Is iondúil go bhfiosraíonn an Oifig gearáin bhailí ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an gcomhlacht poiblí cuí mar chéad chéim. Seachnaíonn sé seo aon mhíthuiscintí agus tugann sé deis don chomhlacht poiblí earráidí daonna a aithint agus a cheartú ar an toirt. Coinnítear an gearánach ar an eolas le linn an phróisis seo agus cuirtear é/í ar an eolas maidir le haon chomhréiteach a aontaítear leis an gcomhlacht poiblí.

Sa chás nach féidir le hOifig an Choimisinéara Teanga gearán a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil le comhlacht poiblí, cuirtear tús le himscrúdú reachtúil nó fiosrúchán oifigiúil chun an gearán a réiteach. Scríobhtar go hoifigiúil faoi alt 21 den Acht chuig ceann an chomhlachta poiblí agus iarrtar air nó uirthi tuairisc maidir leis an ábhar atá faoi imscrúdú a sholáthar don Choimisinéir Teanga. Tugtar fógra oifigiúil imscrúdaithe freisin don ghearánach agus don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Críochnaíonn imscrúdú le tuarascáil a chuirtear ar fáil do na páirtithe cuí (an comhlacht poiblí lena mbaineann, an gearánach más ann dó nó di agus an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán). Cuirtear fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara Teanga i leith an ghearáin ar fáil sa tuarascáil sin. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de cheithre seachtaine. Mura gcuirtear moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir leis tuarascáil a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar an gceist.

Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga diúltú gearán a fhiosrú nó scor d'imscrúdú ar ghearán sna cúinsí seo a leanas:

- Má thagann sé ar an tuairim go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach.
- Mura bhfuil bearta réasúnacha tógtha ag an duine a rinne an gearán chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghearáin nó, má rinne, nár diúltaíodh sásamh dó nó di.
- Mura mbaineann an gearán le haon sárú ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla nó le haon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla (Gaeilge nó Béarla).